Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14450/25**

**ECOFIN 1413**
**UEM 516**
**FIN 1249**
***EIB***
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don tSlóvaic an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 29 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun feidhme ón gComhairle an 14 Iúil 2023[3] agus an 13 Bealtaine 2025[4].

(2) An 2 Deireadh Fómhair 2025 rinne an tSlóvaic iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an tSlóvaic.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an tSlóvaic isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 93 bheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 10156/21 INIT; ST 10156/21 ADD 1 agus ST 10156/21 ADD 1 COR 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 11205/23 INIT, ST 11205/23 ADD 1 agus ST 11205/23 ADD 1 COR 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[4] Féach doiciméid ST 8054/25 agus ST 8054/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an tSlóvaic nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla gan choinne a chuireann moill ar chur chun feidhme an bhirt. Baineann sé sin le hinfheistíocht 1 (Bainistiú tionscadal agus ullmhú infheistíochtaí i leith tionscadal). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an tSlóvaic go ndéanfaí an beart sin a scriosadh. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an tSlóvaic nach féidir 11 bheart a bhaint amach a thuilleadh i bpáirt, mar gheall ar fhadhbanna soláthair, moilleanna ar thionscadail agus cómhaoiniú *pro rata* ó chistí eile de chuid an Aontais. Baineann sé sin le hinfheistíocht 2 (Nuachóiriú a dhéanamh ar na foinsí fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana (athchumhachtú)), infheistíocht 2 (Foirgnimh stairiúla agus foirgnimh liostaithe phoiblí a nuachóiriú), infheistíocht 1 (Bonneagair iompair ísealcharbóin a fhorbairt), infheistíocht 2 (Foraoisí a thógáil a bheidh athléimneach i leith an athraithe aeráide), infheistíocht 1 (Foirgnimh don chóras cúirte atheagraithe), infheistíocht 1 (Nuachóiriú agus digitiú an chórais tarchurtha agus na gcóras dáileacháin réigiúnaigh — nuachóiriú na gcóras dáileacháin), infheistíocht 6 (Bearta coisctheacha a neartú, luas braite agus réitigh teagmhas a mhéadú (ITVS — Teicneolaíochtaí faisnéise don riarachán poiblí)), infheistíocht 7 (Feabhas a chur ar scileanna digiteacha seanóirí agus ar dháileadh Táibléad Sinsearach), agus athchóiriú 3 (Bunachar sonraí agus córas malartaithe sonraí a chruthú maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh), infheistíocht 3 (Páirt a ghlacadh i dtionscadail Eorpacha ilnáisiúnta a bhaineann leis an ngeilleagar digiteach), agus infheistíocht 4 (Tacaíocht do thionscadail a bhfuil sé d’aidhm acu barrtheicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an tSlóvaic go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Tá mínithe ag an tSlóvaic go bhfuil dhá bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le hinfheistíocht 2 (Barrfheabhsú líonra na n-ospidéal) agus athchóiriú 2 (Caomhnú an dúlra agus bainistiú uisce faoin tuath a athchóiriú). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóvaic na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Tá mínithe ag an tSlóvaic go bhfuil 69 mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus Cinneadh Cur Chun feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le hinfheistíocht 1 (Na foinsí nua in-athnuaite leictreachais a thógáil), infheistíocht 3 (Solúbthacht na gcóras leictreachais a mhéadú chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú), infheistíocht 1 (Éifeachtúlacht tithe teaghlaigh a fheabhsú), athchóiriú 2 (Athchóiriú ar iompar poiblí do phaisinéirí), infheistíocht 3 (Forbairt ar iompar idirmhódúil lasta), infheistíocht 4 (Tacú le bonneagar a fhorbairt d'fheithiclí breosla ionadúil), infheistíocht 1 (Oibriú na scéime dícharbónaithe tionscail), infheistíocht 2 (Tacú le feidhmiú Chigireacht Chomhshaoil na Slóvaice atá nasctha le dícharbónú), infheistíocht 4 (Tacú le feidhmiú Chigireacht Chomhshaoil na Slóvaice atá nasctha le dícharbónú), infheistíocht 1 (Oiriúnú na réigiún don athrú aeráide agus béim ar chaomhnú an dúlra agus ar fhorbairt na bithéagsúlacht), infheistíocht 2 (Foraoisí a thógáil a bheidh athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide), athchóiriú 1 (Coinníollacha a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme an oideachais réamh-bhunscoile éigeantaigh do leanaí ó 5 bliana d'aois agus teidlíocht dhlíthiúil a thabhairt isteach ar áit in naíscoil nó i soláthraí oideachais réamh-bhunscoile eile ó aois 3),

athchóiriú 2 (Coincheap riachtanais speisialta oideachais leanaí agus daltaí a shainiú agus samhail a fhorbairt le haghaidh bearta tacaíochta incháilithe san oideachas, lena n-áirítear a gcóras cistiúcháin), athchóiriú 4 (Uirlisí a chur chun feidhme chun luathfhágáil scoile a chosc agus cláir staidéir de chineál F a oiriúnú), athchóiriú 5 (Tacú le dídheigilt scoileanna), infheistíocht 1 (Bacainní a bhaint i bhfoirgnimh scoile), athchóiriú 1 (Athchóiriú ar ábhar agus ar chineál an oideachais), infheistíocht 1 (Bonneagar digiteach i scoileanna), infheistíocht 2 (Críochnú an bhonneagair scoile), athchóiriú 5 (Acmhainní oideachais agus taighde den scoth a chomhchruinniú), infheistíocht 1 (Tacaíocht infheistíochta d'fhorbairt straitéiseach ollscoileanna), infheistíocht 1 (Comhar agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta a chur chun cinn i dtionscadail an chláir Fís Eorpach agus EIT), infheistíocht 2 (Tacú le comhar idir cuideachtaí, lucht acadúil agus eagraíochtaí R&D), infheistíocht 3 (Eolaíocht den scoth), infheistíocht 4 (Taighde agus nuálaíocht le haghaidh dhícharbónú an gheilleagair), infheistíocht 5 (Taighde agus nuálaíocht le haghaidh dhigitiú an gheilleagair), infheistíocht 6 (Ionstraimí airgeadais chun tacú leis an nuálaíocht), infheistíocht 1 (Uirlisí tacaíochta agus cúnamh d'fhillithe, d'oibrithe ardcháilithe tríú tír agus dá mbaill teaghlaigh agus do mhic léinn ardoideachais eachtrannacha atá ag staidéar sa tSlóvaic), infheistíocht 2 (An caidreamh leis an diaspóra a neartú, tacú le tionscnaimh ó na saoránaigh), infheistíocht 3 (Scoláireachtaí do mhic léinn thréitheacha intíre agus eachtrannach), infheistíocht 4 (Idirnáisiúnú a chur chun cinn sa timpeallacht acadúil), athchóiriú 1 (Barrfheabhsú líonra na n-ospidéal), athchóiriú 3 (Bainistiú na n-ospidéal is mó a lárú), infheistíocht 1 (Tacú le hionaid cúraim phríomhúil nua a oscailt i limistéir nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu), infheistíocht 2 (Barrfheabhsú líonra na n-ospidéal), infheistíocht 3 (Digitiú sa tsláinte), infheistíocht 4 (Atógáil agus athshlánú na stáisiún otharcharr),

athchóiriú 1 (Comhar agus rialáil chomhordaithe idir-aireachta), athchóiriú 2 (Limistéir chumais ghéarmheasta sa chúram meabhairshláinte a fhorbairt), infheistíocht 2 (Saoráidí coinneála a chruthú), infheistíocht 3 (Ionaid shíceasóisialta a thógáil), infheistíocht 4 (An líonra do-aistrithe síciatrach a chomhlánú), infheistíocht 5 (Lárionad speisialaithe a bhunú le haghaidh neamhoird speictrim uathachais), infheistíocht 8 (Oiliúint sa mheabhairshláinte don fhoireann), athchóiriú 1 (Comhtháthú agus maoiniú cúraim fhadtéarmaigh shóisialta agus sláinte), infheistíocht 1 (Acmhainneachtaí cúraim shóisialta pobalbhunaithe a fheabhsú), infheistíocht 2 (Leathnú agus athnuachan acmhainneachtaí iarchúraim agus altranais), infheistíocht 3 (Acmhainneachtaí cúraim mhaolaithigh a fheabhsú agus a athbhunú), athchóiriú 1 (An t-ualach rialála ar ghnólachtaí a laghdú), infheistíocht 1 (Acmhainneachtaí le haghaidh athchóirithe chun an t-ualach rialála a laghdú), infheistíocht 2 (Digitiú na bPróiseas Dócmhainneachta), infheistíocht 2 (Digitiú agus acmhainneachtaí anailíseacha), athchóiriú 4 (Iniúchadh agus rialú), infheistíocht 3 (An córas dóiteáin agus tarrthála a nuachóiriú), infheistíocht 1 (Seirbhísí níos fearr do shaoránaigh agus do ghnólachtaí), infheistíocht 2 (Claochlú digiteach ar sheachadadh seirbhísí poiblí), infheistíocht 5 (Meardheontais – haiceatóin), athchóiriú 5 (Feabhas a chur ar oiliúint agus scileanna cibearshlándála (ITVS — teicneolaíochtaí faisnéise don riarachán poiblí)), athchóiriú 3 (Infheistíocht phoiblí a chuíchóiriú), athchóiriú 1 (Fuinneamh inbhuanaithe a chur chun cinn), athchóiriú 2 (Tacú leis an aistriú glas i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh), athchóiriú 6 (Scileanna don aistriú glas), infheistíocht 7 (Trealamh agus oiliúint scoileanna), athchóiriú 2 (Tacú leis an aistriú glas i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh), infheistíocht 5 (Bonneagar iompair ísealcharbóin a fhorbairt), infheistíocht 6 (Iompar glan do phaisinéirí a chur chun cinn), athchóiriú 4 (Foirgnimh an rialtais láir a bhainistiú), infheistíocht 4 (Tacú le hathchóiriú a dhéanamh ar theaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh), agus infheistíocht 8 (Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme chaibidil REPowerEU). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an tSlóvaic go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Tá iarrtha ag an tSlóvaic úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus tríd an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme deich mbeart a mhéadú. Baineann sé sin le hinfheistíocht 3 (Solúbthacht na gcóras leictreachais a mhéadú le haghaidh comhtháthú níos fearr ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh), infheistíocht 1 (Bonneagar iompair ísealcharbóin a fhorbairt), infheistíocht 2 (Iompar glan paisinéirí a chur chun cinn), infheistíocht 7 (Cúram síciatrach institiúideach a chothú agus a dhigitiú), infheistíocht 2 (An fórsa póilíneachta a fheabhsú agus a dhigitiú), infheistíocht 4 (Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh poiblí), agus infheistíocht 4 (Tacaíocht do thionscadail arb é is aidhm dóibh forbairt agus cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí digiteacha is fearr), infheistíocht 1 (Nuachóiriú agus digitiú an chórais tarchurtha agus na gcóras dáileacháin réigiúnach — nuachóiriú na gcóras dáileacháin), infheistíocht 2 (Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh poiblí), agus infheistíocht 3 (d’athchóiriú foirgneamh poiblí agus foirgneamh liostaithe). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an tSlóvaic go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme deich mbeart a mhéadú.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(9) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an tSlóvaic i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú an Choimisiúin***

(10) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar sciar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go gcuirfidh an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha a dhírítear chuig an tSlóvaic lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, agus moltaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(12) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile mar chuid de Sheimeastar Eorpach 2023, 2024 agus 2025, measann sé gur cuireadh chun feidhme ina n-iomláine na moltaí maidir leis an bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach a chur isteach go tráthúil (2024), agus maidir leis an bhfás ar ghlanchaiteachas in 2025 a theorannú do ráta atá comhsheasmhach, *inter alia*, leis an easnamh rialtais ghinearálta a laghdú i dtreo luach tagartha 3 % an Chonartha OTI agus an fiachas rialtais ghinearálta a choinneáil ar leibhéal stuama sa mheántéarma (2024).

(13) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an tSlóvaic i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sa leasú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, cuireadh tagairt isteach do CSR 3 2024 maidir leis an ngá atá le caomhnú acmhainní nádúrtha a neartú agus athléimneacht uisce a mhéadú trí réitigh dhúlrabhunaithe a phríomhshruthú agus criosú na limistéar dúlra atá faoi chosaint a thabhairt chun críche.

(14) Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, meastar freisin go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe leis na míchothromaíochtaí a cheartú, mar a shainaithnítear iad sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2023, 2024 agus 2025, ar míchothromaíochtaí iad atá ann sa tSlóvaic, go háirithe maidir le hiomaíochas costais, cothromaíocht sheachtrach, an margadh tithíochta agus féichiúnas teaghlaigh.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, 40,19 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe atá ann, agus 80,40 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann, costas arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(16) Níl tionchar ábhartha ag leasú an phlean téarnaimh agus athléimneachta ar a uaillmhian i dtreo an aistrithe ghlais d'ainneoin laghdú 0,89 pointe céatadáin ar sciar an leithdháilte iomláin ar bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide. Eascraíonn an laghdú sin go príomha as eilimintí a fhágáil ar lár in infheistíocht 1 (Nuachóiriú agus digitiú an chórais tarchurtha agus na gcóras dáileacháin réigiúnaigh a fhágáil — nuachóiriú na gcóras dáileacháin) agus athchóiriú 1 (Coinníollacha a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme an oideachais réamh-bhunscoile éigeantaigh do leanaí ó 5 bliana d'aois agus teidlíocht dhlíthiúil a thabhairt isteach ar áit in naíscoil nó i soláthraí oideachais réamh-bhunscoile eile ó aois 3). Tacaíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go mór fós le cuspóirí an aistrithe ghlais, le méadú na bithéagsúlachta, agus le cosaint an chomhshaoil. Go háirithe, leanann caibidil REPowerEU de thacaíocht a thabhairt don aistriú glas, ós rud é go rannchuidíonn a athchóirithe agus a infheistíochtaí leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus leis an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá inti 21,77 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán (AE) 2021/241.

(18) Treisíonn leasú an phlean téarnaimh agus athléimneachta a uaillmhian i dtreo an aistrithe dhigitigh tríd an sciar den deontas Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) a leithdháiltear ar bhearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha a mhéadú 0,75 pointe céatadáin. Eascraíonn an méadú sin den chuid is mó as gnéithe nua a thabhairt isteach faoi infheistíocht 3 Solúbthacht na gcóras leictreachais a mhéadú chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú níos mó agus infheistíocht 4 (Acmhainneacht riaracháin a neartú ar leibhéil éagsúla rialtais).

***Costáil***

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(20) Dá bhrí sin, níl aon athrú ar thoradh an mheasúnaithe costála i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021. Bhí bonn cirt na Slóvaice maidir le méid na meastachán ar chostais iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta réasúnta agus inchreidte go pointe áirithe, i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta, agus bhí sé i gcomhréir leis an tionchar náisiúnta agus eacnamaíoch a raibh coinne leis. I gcás líon teoranta beart, ní raibh tagarmharcanna costais chomh soiléir céanna, bunaithe ar fhaisnéis bheag inchomparáide. Ní i gcónaí a cuireadh críochú le foinsí maoinithe eile le haghaidh tionscadal in iúl go soiléir, ach cuireadh coimircí i bhfeidhm chun cistiú dúbailte a chosc.

(21) Léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais le haghaidh na mbeart leasaithe go bhfuil formhór na gcostas réasúnta agus inchreidte, de réir na faisnéise a sholáthraítear. I gcás roinnt bearta leasaithe, tá faisnéis maidir le réasúntacht agus inchreidteacht na meastachán ar chostais teoranta nó in easnamh. Cuireann sé sin cosc ar rátáil A faoin gcritéar measúnaithe ar leith. Ina theannta sin, bhí údar cuí le hathruithe sna meastacháin chostais le haghaidh bearta leasaithe agus bhí siad comhréireach i gcás inar féidir agus dá bhrí sin níor athraíodh réasúnaíocht agus inchreidteacht na meastachán costais sin i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Bhí údar cuí leis na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh agus bhí siad comhréireach ar fud fhormhór an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe. Ar deireadh, tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

(22) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an tSlóvaic chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

*Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)*

(23) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], mheas an tSlóvaic tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán sin. Mheas an tSlóvaic, áfach, nach raibh aon tionscadail sin le cur san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe toisc nach raibh a dhóthain ama ann chun tionscadail den sórt sin a chur i gcrích roimh dháta deiridh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

*Measúnú dearfach*

(24) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

---

[5] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

***Ranníocaíocht airgeadais***

(25) Is é EUR 6 408 465 020 costas iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Slóvaice. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don tSlóvaic, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Slóvaic, ba cheart gurb é EUR 6,407,240,019 an méid sin.

(26) Ba cheart méid na ranníocaíochta airgeadais don tSlóvaic a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241. Mar sin féin, de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 8 Bealtaine maidir le laghdú ar mhéid an chúigiú tráthchuid den tacaíocht neamh-inaisíoctha don tSlóvaic, arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24(8) de Rialachán (AE) 2021/241, laghdaíodh an ranníocaíocht airgeadais faoi EUR 1 225 000 agus ní féidir leis an tSlóvaic a heisíocaíocht a iarraidh ar an gCoimisiún.

---

[6] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

(27) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán.

(28) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a d'fhéadfaí a dhéanamh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní ghabhann sé treis ar an gceanglas atá ar na Ballstáit na bearta a chur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus, go háirithe, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chásanna Státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Airteagal 108 den Chonradh,

,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Slóvaice a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Slóvaice.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*